# NÓTAÍ DON FHOIRM GHEARÁIN UM LÁITHREÁIN THRÉIGHTE

LÉIGH GO CÚRAMACH LE DO THOIL SULA GCOMHLÁNAÍONN TÚ AN FHOIRM

1. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí an oiread eolais agus is féidir ionas go bhféadfaí measúnú ceart a dhéanamh ar an uiríoll. Mura bhfuil dóthain spáis ar an bhfoirm is féidir eolas breise a thabhairt ag deireadh na foirme. Sa chás nach bhfuil an t-eolas leordhóthanach ní féidir an t-ábhar gearáin a imscrúdú agus/nó d'fhéadfaí é a chur ar ais le haghaidh tuilleadh mínithe.

2. Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfar Litir Rabhaidh a eisiúint don duine/na daoine atá ainmnithe agat san Fhoirm Uiríll bunaithe ar an eolas a thugtar san fhoirm. Mar sin tá sé tábhachtach go bhfuil an t-eolas a thugtar cruinn agus mionsonraithe.

3. Ní mór GACH ceist ar an bhfoirm a fhreagairt.

4. Ba chóir léarscáil suímh an láithreáin a chur isteach leis. Iarrtar ort breathnú ar Léarscáil an Chláir Phleanála ag an bpríomhchuntar Pleanála agus an suíomh a aithint air. Nó is féidir leat léarscáil a phriontáil ón idirlíon agus í a cheangail leis.

5. Mura ndéantar an fhoirm a shíniú agus mura dtugtar ainm agus seoladh an duine atá ag déanamh uiríll, ní dhéanfar imscrúdú ar an uiríoll sin.

6 An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997-2003 Is cuid de thaifid na comhairle iad na huiríll maidir le struchtúir chontúirteacha faoi na hAchtanna thuas. Féachfaidh an Chomhairle le haon uiríll a dhéanfar chuici faoi rún agus de mheon macánta a choimeád faoi rún. Ní féidir leis an gComhairle, áfach, ráthaíochtaí iomlána a thabhairt maidir leis seo mar is féidir le hiarrthóirí achomharc a lorg ón gCoimisinéir Faisnéise i leith iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

7. Ní dhéanann an tÚdarás Áitiúil imscrúdú ar nithe a bhaineann le hábhar sibhialta, ar nós iad siúd a bhaineann le cearta slí príobháideacha, foghail, núis phríobháideach srl.

8. Sula ndéanann tú uiríoll, ba chóir duit a chinntiú go bhfuil an t-ábhar i gceist laistigh de raon an Achta um Láithreáin Thréigthe. D'fhéadfaí go mbainfeadh ábhair áirithe, ar nós gearáin a bhaineann le bóithre, uisce, draenáil, tithíocht na comhairle, struchtúir chontúirteacha agus an comhshaol le sainchúraim rannóga eile na Comhairle agus ba chóir iad a chur ar aghaidh chuig na rannóga sin.

Don Oifig Amháin

UIMH. DS:

UIMH.CRM :

DS 1

# FHOIRM GHEARÁIN UM LÁITHREÁIN THRÉIGHTE

An tAcht um Láithreáin Thréigthe, 1990

| | | |
|---|---|---|
| 1 | SUÍOMH AN LÁITHREÁIN<br>THRÉIGTHE:<br>Léarscáil i dteannta seo: | Cuir tic sa bhosca |
| 2 | AINM & SEOLADH AN ÚINÉARA / AN ÁITITHEORA (MÁS EOL DUIT) | |
| 3 | CÚIS AN GHEARÁIN: | |
| 4 | AINM AGUS SEOLADH AN GHEARÁNAÍ: | |
| 5 | SONRSÍ TEAGMHÁLA | Líne thalún<br>Fón Póca:<br>Rphost: |

TÁ NA NÓTAÍ A BHAINEASNN LEIS AN BHFOIRM SEO LÉITE AGAM

SÍNIÚ Sínithe: ________________________________________

CEANNLITREACHA: ________________________________________

Dátá: ________________________________________

Tabhair faoi deara: Ní féidir imscrúdú a dhéanamh ar aon ghearán/uiríoll mura dtugtar ainm agus seoladh agus síniú agus mura sínítear an fhoirm.

Seol an fhoirm chomhlánaithe le do thoil chuig;

Comhairle Chontae
Fhine Gall, Roinn na
Cigireachta,
Rannóg an Chomhshaoil, an Ghnó agus na
Fionntraíochta
3ú hUrlár, Halla an Chontar,
An Príomhshráid, Sord,
Co. Átha Cliath

Rphost: inspectorate@fingalcoco.ie

# EOLAS BREISE

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

Meabhrán Mínithe

Uiríll Scríofa maidir le Láithreán Tréigthe líomhnaithe

Fáiltíonn an tÚdarás Áitiúil roimh uiríll scríofa ó dhaoine atá buartha faoi Láithreán Tréigthe. Mar sin féin, chun cur chuige ordúil a chinntiú maidir le huiríll dá leithéid a fháil agus a leanúint, iarrtar ar dhaoine a dhéanann uiríll an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

1. Ní mór substaint leordhóthanach a bheith sna huiríll chun go mbeidh an tÚdarás Áitiúil in ann an tsaincheist seo a leanúint, má mheastar gur iomchuí sin. Dá bhrí sin ba chóir go léireodh na huiríll:

   (i) Ainm & seoladh úinéir/áititheoir an láithreáin thréigthe (más eol)

   (ii) Cur síos soiléir ar an seoladh/ an suíomh ina bhfuil an Láithreán Tréigthe. Is iondúil go mbíonn léarscáil ina bhfuil suíomh an láithreán léirithe ina cabhair leis seo

   Ligfidh sonraí den sórt sin don Údarás Áitiúil (má mheastar go bhfuil sé riachtanach/iomchuí sna himthosca) an tsaincheist seo a imscrúdú agus an gníomh cuí a dhéanamh chun an láithreán a chur i staid neamhthréigthe. Tá sé tábhachtach mar sin go mbeadh an t-eolas/na sonraí a chuireann tú ar fáil chomh cruinn agus is féidir le réasún.

2. Seachain uiríll leanúnacha - A luaithe a admhaítear uiríoll iarraimid ar na daoine lena mbaineann sé staonadh ó bhuaileadh isteach, ó glaoch a chur nó ó scríobh chuig Roinn na Cigireachta go rialta, maidir le dul chun cinn na n-uiríll. Is é ár dtaithí leis seo, go gcuireann sé moill ar ghníomh cuí mar go n-úsáidtear am agus acmhainní teoranta foirne i ndéileáil leis an iliomad duine a dhéanann uiríll. Ní chun leasa na ndaoine a dhéanann uiríll seo ná an tÚdarás Áitiúil féin, agus ar deireadh an pobal i gcoitinne é seo.

   Iarraimid, dá bhrí sin, go ligfeá don Údarás Áitiúil uiríll a phróiseáil chomh sciobtha agus is féidir. Más rud é, áfach, le linn na tréimhse seo go dtagann tú ar eolas/shonraí breise suntasach faoin gcás (m.sh. maidir le céannacht forbróirí/úinéirí srl., Nó aon ghéarú ar an tsaincheist) ná bíodh drogall ort an t-eolas/na sonraí sin a chur in iúl i scríbhinn dúinn.

3. An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997-2003 Is cuid de thaifid na comhairle iad na huiríll maidir le struchtúir chontúirteacha faoi na hAchtanna thuas. Féachfaidh an Chomhairle le haon uiríll a dhéanfar chuici faoi rún agus de mheon macánta a choimeád faoi rún. Ní féidir leis an gComhairle, áfach, ráthaíochtaí iomlána a thabhairt maidir leis seo mar is féidir le hiarrthóirí achomharc a lorg ón gCoimisinéir Faisnéise i leith iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba mhaith leis an gComhairle a rá, áfach, i gcás uiríll a bheith déanta de mheon mímhacánta nó go mailíseach, nach féidir leis an duine a dhéanann na huiríll sin a bheith ag súil le go gcaithfear go rúnda le taifead (taifid) a (h)uiríoll.